RIALACHÁN (AE) Uimh. 1236/2010 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 15 Nollaig 2010

lena leagtar síos scéim um rialú agus um fhorfheidhmiú is infheidhme sa limistéar atá cumhdaithe leis an gCoinbhinsiún um chomhar iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2791/1999 ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 81/608/CEE ([3]) d'fhormheas an Chomhairle an Coinbhinsiún um chomhar iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh (an Coinbhinsiún), agus tháinig an Coinbhinsiún sin i bhfeidhm an 17 Márta 1982.

(2) Leis an gCoinbhinsiún foráiltear do chreat iomchuí le haghaidh comhair iltaobhaigh maidir le caomhnú réasúnach agus le bainistiú réasúnach acmhainní iascaigh sa Limistéar a shainmhínítear leis an gCoinbhinsiún (Limistéar an Choinbhinsiúin).

(3) Ag a Chruinniú Bliantúil an 15 Samhain 2006, ghlac Coimisiún Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC) moladh lena mbunaítear scéim um rialú agus um fhorfheidhmiú (an Scéim) is infheidhme maidir le soithí iascaireachta a oibríonn sna huiscí sin de Limistéar an Choinbhinsiúin atá lasmuigh de na huiscí a thagann faoi dhlínse iascaigh na bPáirtithe Conarthacha (an Limistéar Rialála). Leasaíodh an Scéim, a tháinig i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2007, le roinnt moltaí ag na Cruinnithe Bliantúla i Samhain 2007, i Samhain 2008 agus i Samhain 2009.

(4) Faoi Airteagal 12 agus Airteagal 15 den Choinbhinsiún, tháinig na moltaí sin i bhfeidhm an 9 Feabhra 2008, an 6 agus an 8 Eanáir 2009 agus an 6 Feabhra 2010 faoi seach.

(5) Leis an Scéim, foráiltear do bhearta um rialú agus um fhorfheidhmiú is infheidhme maidir le soithí a bhfuil bratach Páirtithe Conarthacha ar foluain acu agus iad ag oibriú sa Limistéar Rialála, agus do shocruithe chun cigireacht a dhéanamh ar muir, ar socruithe iad lena n-áirítear nósanna imeachta cigireachta agus faireachais agus nósanna imeachta i gcás sáruithe, a bheidh ar na Páirtithe Conarthacha a chur chun feidhme.

(6) Foráiltear, leis an Scéim, do chóras nua rialaithe ag Stát an Chalafoirt, arb é a dhéanfar leis go bunúsach ná calafoirt na hEorpa a dhúnadh do chur i dtír agus do thrasloingsiú éisc reoite nach mbeidh deimhnithe a bheith dlíthiúil ag Stát brataí na soithí iascaireachta a bhfuil bratach de chuid Páirtí Chonarthaigh, ar Páirtí é nach Stát an Chalafoirt é, ar foluain acu.

(7) Táthar tar éis forálacha rialaithe áirithe, a ghlac NEAFC a ionchorprú i ndlí an Aontais trí bhíthin an Rialacháin bhliantúil maidir leis an TAC agus na cuótaí, agus den uair is déanaí le Rialachán (CE) Uimh. 43/2009 ón gComhairle an 16 Eanáir 2009 lena socraítear na deiseanna iascaireachta agus na coinníollacha gaolmhara i leith stoc áirithe éisc agus i leith grúpaí áirithe de stoic éisc don bhliain 2009, a mbeidh feidhm aige in uiscí an Chomhphobail agus, i leith soithí an Chomhphobail, in uiscí ina bhfuil gá le teorainneacha gabhála ([4]). Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart na forálacha sin nach forálacha de chineál sealadach iad a bheith ina n-ábhar do rialachán nua ar leith.

(8) Cuimsítear freisin, leis an Scéim, forálacha chun comhlíonadh na mbeart rialaithe agus forfheidhmithe ag soithí, a bhfuil bratach Páirtí neamhChonarthaigh ar foluain acu, a chur, chun cinn, d'fhonn go n-urramófar go hiomlán na bearta caomhnaithe agus bainistithe arna nglacadh ag NEAFC. Mhol NEAFC roinnt soithí a bhaint de liosta na soithí ar dearbhaíodh fúthu go ndeachaigh siad i mbun iascaireachta a bhí neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte. Ba cheart ionchorprú na moltaí sin i ndlí an Aontais a áirithiú.

(9) Foráiltear le hAirteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail d'fhonn comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú ([5]) gurb iad na Ballstáit a rialóidh an rochtain ar uiscí agus ar acmhainní agus a rialóidh gníomhaíochtaí lasmuigh d'uiscí an AE ar gníomhaíochtaí iad arna ndéanamh ag soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu. Ba cheart, mar sin, go bhforálfaí go sannfadh na Ballstáit, a bhfuil a gcuid soithí údaraithe chun iascaireachta sa Limistéar Rialála, cigirí don Scéim chun dul i mbun faireacháin agus faireachais, mar aon le hacmhainní leordhóthanacha a shannadh don chigireacht.

([1]) Tuairim an 17 Márta 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Deireadh Fómhair 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 29 Samhain 2010.
([3]) IO L 227, 12.8.1981, lch. 21.
([4]) IO L 22, 26.1.2009, lch. 1.
([5]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1.

(10) D'fhonn faireachán ar ghníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin a áirithiú, is den riachtanas é go gcomhoibreodh na Ballstáit lena chéile agus leis an gCoimisiún agus leis an gcomhlacht arna ainmniú aige agus an Scéim á cur i bhfeidhm acu.

(11) Is d'fhreagracht na mBallstát é a áirithiú go ndéanfaidh a gcigirí na nósanna imeachta cigireachta a bheidh leagtha síos ag NEAFC a chomhlíonadh.

(12) Ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) i ndáil le rialacha mionsonraithe maidir le liostaí na n-acmhainní iascaigh a bheidh le fógairt, maidir le nósanna imeachta um fhógra a thabhairt roimh ré go bhfuiltear ag dul isteach i gcalafort agus nósanna imeachta um chealú an fhógra sin mar aon le nósanna imeachta maidir le húdarú chun iasc a chur i dtír nó a thrasloingsiú. Ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún freisin gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i ndáil le leasuithe amach anseo a ionchorprú i ndlí an Aontais, ar leasuithe iad ar na bearta sin sa Scéim arb iad is ábhar do ghnéithe neamhriachtanacha áirithe den Rialachán seo arna sainmhíniú go sainráite agus a thagann chun bheith ceangailteach ar an Aontas i gcomhréir le téarmaí an Choinbhinsiúin. Tá sé fíorthábhachtach go gcuirfidh an Coimisiún na comhairliúcháin chuí i gcrích le linn a chuid oibre réamhullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal saineolaithe.

(13) Ba cheart don Choimisiún na bearta atá riachtanach chun an Rialachán seo a chur chun feidhme a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 291 CFAE. De réir an Airteagail sin, tá rialacha agus prionsabail ghinearálta a bhaineann le sásraí do rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú inniúlachtaí chur chun feidhme an Choimisiúin le leagan síos roimh ré trí bhíthin rialacháin arna ghlacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach. Go dtí go nglacfar an rialachán nua sin, leanfaidh Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos an nós imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún [1], d'fheidhm a bheith aige, cé is moite den nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, ar nós imeachta é nach bhfuil infheidhme.

(14) Ós rud é go mbunófar, leis an Rialachán seo, rialacha nua um rialú agus um fhorfheidhmiú i Limistéar an Choinbhinsiúin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 2791/1999 ón gComhairle an 16 Nollaig 1999 lena leagtar síos bearta áirithe um rialú is infheidhme sa limistéar atá cumhdaithe ag an gCoinbhinsiún um chomhar iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh [2] a aisghairm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo leagtar síos na rialacha agus na coinníollacha ginearálta le go gcuirfidh an tAontas an Scéim arna glacadh ag NEAFC i bhfeidhm.

Airteagal 2

Raon feidhme

Mura sonrófar a mhalairt, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le soithí uile an AE a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid i ngníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar i dtaobh acmhainní iascaigh sa Limistéar Rialála.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "Coinbhinsiún" an Coinbhinsiún um chomhar iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, arna leasú;

(2) ciallaíonn "Limistéar an Choinbhinsiúin" Limistéar an Choinbhinsiúin mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1) den Choinbhinsiún;

(3) ciallaíonn "an Limistéar Rialála" uiscí Limistéar an Choinbhinsiúin atá lasmuigh de na huiscí atá faoi dhlínse iascaigh na bPáirtithe Conarthacha;

(4) ciallaíonn "Páirtithe Conarthacha" Páirtithe Conarthacha an Choinbhinsiúin;

(5) ciallaíonn "NEAFC" Coimisiún Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh;

(6) ciallaíonn "gníomhaíochtaí iascaireachta" iascaireacht, lena n-áirítear comhoibríochtaí iascaireachta, oibríochtaí próiseála éisc, trasloingsiú nó cur i dtír éisc nó táirgí éisc agus aon ghníomhaíocht tráchtála eile a dhéantar mar ullmhúchán d'iascaireacht nó atá bainteach le hiascaireacht;

(7) ciallaíonn "acmhainní iascaigh" na hacmhainní dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Choinbhinsiún;

(8) ciallaíonn "acmhainní rialáilte" na hacmhainní iascaigh sin atá faoi réir moltaí faoin gCoinbhinsiún agus atá liostaithe san Iarscríbhinn;

(9) ciallaíonn "soitheach iascaireachta" aon soitheach a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun críocha shaothrú tráchtála acmhainní iascaigh, lena n-áirítear soithí próiseála éisc agus soithí a ghabhann do thrasloingsiú;

[1] IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.
[2] IO L 337, 30.12.1999, lch. 1.

(10) ciallaíonn "soitheach Páirtí neamhChonarthaigh" aon soitheach nach bhfuil faoi bhratach Páirtí Chonarthaigh, lena n-áirítear soithí ar ina leith a bhfuil forais réasúnacha ann lena cheapadh nach bhfuil aon náisiúntacht acu;

(11) ciallaíonn "comhoibríocht iascaireachta" aon oibríochtaí idir dhá shoitheach nó níos mó ina mbogtar gabháil ó threalamh iascaireachta soithigh amháin go soitheach iascaireachta eile;

(12) ciallaíonn "oibríocht trasloingsithe" na táirgí iascaigh go léir, nó cuid díobh, atá ar bord soithigh iascaireachta a dhíluchtú chuig soitheach iascaireachta eile;

(13) ciallaíonn "calafort" aon áit a úsáidtear i gcomhair cur i dtír, nó áit gar don chladach atá ainmnithe ag Páirtí Conarthach chun acmhainní iascaigh a thrasloingsiú.

Airteagal 4

Pointí teagmhála

1. Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás inniúil a ghníomhóidh mar an pointe teagmhála chun críocha tuarascálacha faireachais agus cigireachta a fháil i gcomhréir le hAirteagail 12, 19, 20 agus 27 agus chun fógraí a fháil agus údaruithe a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 24 agus le hAirteagal 25.

2. Beidh na pointí teagmhála chun fógraí a fháil agus chun údaruithe a eisiúint, i gcomhréir le hAirteagal 24 agus le hAirteagal 25, ar fáil 24 huaire an chloig in aghaidh an lae.

3. Cuirfidh na Ballstáit uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist agus uimhir faics an phointe teagmhála ainmnithe chuig an gCoimisiún, nó chuig comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, agus chuig Rúnaí NEAFC.

4. Aon athruithe ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis maidir leis na pointí teagmhála dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3, tabharfar fógra ina leith don Choimisiún, nó don chomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, agus do Rúnaí NEAFC tráth nach déanaí ná 15 lá sula dtiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm.

5. Déanfar an fhormáid ina dtarchuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 3 a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

CAIBIDIL II

BEARTA FAIREACHÁIN

Airteagal 5

Rannpháirtíocht an Aontais

1. Cuirfidh na Ballstáit liosta de na soithí uile a bhfuil bratach na mBallstát sin ar foluain acu agus atá cláraithe san Aontas, agus atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sa Limistéar Rialála, chuig an gCoimisiún i bhfoirm a bheidh inléite ag ríomhaire, go háirithe na soithí sin atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na hacmhainní rialáilte maille le haon leasuithe ar an liosta. Seolfar an fhaisnéis sin tráth nach déanaí ná an 15 Nollaig gach bliain nó tráth nach déanaí ná cúig lá sula rachaidh an soitheach isteach sa Limistéar Rialála. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis seo ar aghaidh chuig Rúnaí NEAFC go pras.

2. Déanfar an fhormáid ina dtarchuirfear an liosta dá dtagraítear i mír 1 a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

Airteagal 6

Trealamh a mharcáil

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar trealamh a úsáideann a soithí iascaireachta sa Limistéar Rialála a mharcáil i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 356/2005 ón gCoimisiún an 1 Márta 2005 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe um marcáil agus um shainaithint ar threalamh éighníomhach iascaireachta agus ar thráil bhíoma ([1]).

2. Maidir le trealamh feistithe nach bhfuil marcáilte i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 356/2005 nó a sháraíonn ar aon bhealach eile moltaí arna nglacadh ag NEAFC, mar aon le haon iasc a dtiocfaí orthu sa trealamh, féadfaidh na Ballstáit iad a thabhairt leo agus a dhiúscairt.

Airteagal 7

Trealamh caillte a aisghabháil

1. Déanfaidh údarás inniúil Bhallstát na brataí an fhaisnéis arna soláthar dó de bhun Airteagal 48(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 mar aon le glao-chomhartha an tsoithigh a bhfuil a threalamh caillte aige a sheoladh gan mhoill chuig Rúnaí NEAFC.

2. Tabharfaidh na Ballstáit geallúint go ndéanfaidh siad trealamh caillte de chuid soithí, a bhfuil a mbratach ar foluain acu, a aisghabháil ar bhonn rialta.

Airteagal 8

Gabhálacha a thaifeadadh

1. De bhreis ar an bhfaisnéis a shonraítear in Airteagal 6 de Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 1993 lena mbunaítear córas um rialú is infheidhme maidir leis an gcomhbheartas iascaigh ([2]), coinneoidh máistrí soithí iascaireachta an AE taifead i logleabhar iascaireachta atá ceangailte agus a bhfuil na leathanaigh uimhrithe ann nó ar mheán leictreonach ar an méid seo a leanas:

(a) gach dul isteach sa Limistéar Rialála agus gach imeacht amach as an Limistéar Rialála;

(b) ar bhonn laethúil agus/nó maidir le gach tarlú, na gabhálacha carnacha measta a coinníodh ar bord ón uair dheireanach a chuathas isteach sa Limistéar Rialála;

([1]) IO L 56, 2.3.2005, lch. 8.
([2]) IO L 261, 20.10.1993, lch. 1.

(c) ar bhonn laethúil agus/nó maidir le gach tarlú, an méid éisc a caitheadh thar bord;

(d) láithreach bonn i ndiaidh gach cumarsáide de bhun Airteagal 9, dáta agus am tharchur tuarascála, de réir Ama Uilíoch Comhordaithe (UTC), agus, i gcás tarchuir raidió, ainm an stáisiúin raidió trínar tarchuireadh na tuairisce;

(e) doimhneacht iascaireachta, i gcás inarb iomchuí.

2. Máistrí soithí iascaireachta an AE a ghabhann do ghníomhaíochtaí iascaireachta, ar gníomhaíochtaí iad a dhéantar i ndáil le hacmhainní rialáilte, agus a dhéanann a ngabháil a phróiseáil agus/nó a reo, déanfaidh siad mar a leanas:

(a) a dtáirgeadh carnach a thaifeadadh de réir speicis agus de réir fhoirm an táirge i logleabhar táirgeachta; agus

(b) an ghabháil phróiseáilte uile a stuáil i mbolg an tsoithigh ar bhealach ina bhféadfar suíomh gach speicis a shainaithint ó phlean stuála a choinnítear ar bord an tsoithigh iascaireachta.

3. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh na Ballstáit díolúine a thabhairt ón oibleagáid maidir le taifead a dhéanamh i logleabhar iascaireachta nó go leictreonach do shoitheach a ghabhann d'oibríochtaí trasloingsithe ina ndéantar cainníochtaí a luchtú ar bord. Sonróidh soithí a bhaineann tairbhe as an maolú seo, i bplean stuála an suíomh i mbolg an tsoithigh ina bhfuil an t-iasc reoite dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus taifeadfaidh siad na nithe seo a leanas i logleabhar táirgeachta:

(a) dáta agus am, de réir UTC, tharchur na tuarascála dá dtagraítear in Airteagal 9;

(b) i gcás tarchuir raidió, ainm an stáisiúin raidió trína ndéantar an tuairisc a tharchur;

(c) dáta agus am, de réir UTC, na hoibríochta trasloingsithe;

(d) suíomh (domhanleithead/domhanfhad) na hoibríochta trasloingsithe;

(e) cainníochtaí gach speicis a dhéantar a luchtú ar bord;

(f) ainm agus glao-chomhartha raidió idirnáisiúnta an tsoithigh iascaireachta dár díluchtaíodh an ghabháil.

4. Cinnfear rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

Airteagal 9

Gabhálacha acmhainní rialáilte a thuairisciú

1. Déanfaidh máistrí soithí iascaireachta an AE a ghabhann do ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar i ndáil le hacmhainní rialáilte, tuarascálacha maidir le gabhálacha a chur in iúl dá nIonad Faireacháin Iascaigh, amhail a shainítear i bpointe (15) d'Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, trí mheáin leictreonacha. Beidh rochtain ag an gCoimisiún ar na sonraí a bheidh i dtuarascálacha den sórt sin arna iarraidh sin dó. Áireofar an méid seo a leanas sna tuarascálacha:

(a) tuarascálacha maidir leis na cainníochtaí a choinnítear ar bord nuair a táthar ag dul isteach sa Limistéar Rialála. Déanfar na tuarascálacha sin a tharchur tráth nach luaithe ná12 uair an chloig agus tráth nach déanaí ná dhá uair an chloig roimh gach dul isteach sa Limistéar Rialála;

(b) tuarascálacha maidir le gabhálacha seachtainiúla. Déanfar na tuarascálacha sin a tharchur den chéad uair tráth nach déanaí ná deireadh an tseachtú lá tar éis don soitheach dul isteach sa Limistéar Rialála nó, nuair is faide ná seacht lá a mhaireann na turais iascaireachta, tráth nach déanaí ná meán lae an Luain le haghaidh gabhálacha a tógadh sa Limistéar Rialála i rith na seachtaine roimhe sin dar críoch meán oíche an Domhnaigh. Áireofar sa tuarascáil sin líon na laethanta iascaireachta ón tráth a gcuirtear tús leis an iascaireacht, nó ón tráth a ndéantar tuarascáil dheireanach ghabhála;

(c) tuarascálacha maidir le gabhálacha a bhí ar bord ar imeacht as an Limistéar Rialála. Déanfar na tuarascálacha sin a tharchur tráth nach luaithe ná ocht n-uaire an chloig agus tráth nach déanaí ná dhá uair an chloig roimh gach imeacht as an Limistéar Rialála. Áireofar sna tuarascálacha sin, i gcás inarb iomchuí, líon na laethanta iascaireachta agus an ghabháil a tógadh sa Limistéar Rialála ó thosach na hiascaireachta, nó ón tráth a ndearnadh an tuarascáil dheireanach ghabhála;

(d) tuarascálacha maidir leis na cainníochtaí a luchtaítear ar bord agus a díluchtaítear do gach trasloingsiú éisc le linn fhanacht an tsoithigh sa Limistéar Rialála. Déanfaidh na soithí deontóra an tuarascáil sin tráth nach déanaí ná 24 huaire an chloig roimh an trasloingsithe, déanfaidh na soithí glactha an tuarascáil tráth nach déanaí ná uair an chloig tar éis an trasloingsithe. Beidh sa tuarascáil dáta, am agus suíomh geografach an trasloingsithe bheartaithe chomh maith leis an meáchan iomlán slánaithe, i gcileagraim, de réir speicis atá le díluchtú nó a ndearnadh a luchtú agus glao-chomharthaí an tsoithigh dheontóra agus an tsoithigh ghlactha. Gan dochar do Chaibidil IV, déanfaidh an soitheach glactha, 24 huaire an chloig ar a laghad roimh aon tabhairt i dtír, an ghabháil iomlán ar bord, an meáchan iomlán atá le tabhairt i dtír, ainm an chalafoirt agus dáta agus am a mheastar a chuirfear an ghabháil i dtír a thuairisciú.

2. Déanfar na tuarascálacha ar ghabhálacha dá dtagraítear san Airteagal seo a shloinneadh i gcileagraim (arna slánú go dtí an 100 kg is gaire). Déanfar an meáchan iomlán slánaithe a thuairisciú de réir speicis trí úsáid a bhaint as na cóid FAO. Féadfaidh cainníocht iomlán na speiceas dár lú an meáchan iomlán slánaithe de réir speicis ná aon tona amháin a thuairisciú faoin gcód 3-alfa MZZ (ní shonraítear éisc mhuirí).

3. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí atá sna tuarascálacha gabhála a thaifeadadh sa bhunachar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 109(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

4. Déanfar na rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo, agus go háirithe maidir leis an bhformáid agus leis na sonraíochtaí a bhaineann le tarchur, a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

Airteagal 10

Tuairisciú foriomlán na ngabhálacha agus na hiarrachta iascaireachta

1. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, trí ríomh-tharchur roimh an 15 lá de gach mí, cainníochtaí na n-acmhainní iascaigh a thóg na soithí, a bhfuil bratach na mBallstát sin ar foluain acu, sa Limistéar Rialála, ar acmhainní iascaigh iad a cuireadh i dtír nó a trasloingsíodh i gcaitheamh na míosa roimhe sin.

2. Gan dochar d'Airteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún, trí ríomh-tharchur roimh an 15 lá gach mí, cainníochtaí na n-acmhainní rialáilte a thóg na soithí, a bhfuil bratach na mBallstát sin ar foluain acu, i limistéir atá faoi dhlínse iascaigh náisiúnta tríú tíortha agus in uiscí an AE, agus a cuireadh i dtír nó a trasloingsíodh i gcaitheamh na míosa roimhe sin.

3. Déanfar an fhormáid ina dtarchuirfear na sonraí a chinneadh de bhun mhír 1 agus mhír 2 i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

Déanfar an liosta de na hacmhainní iascaigh, dá dtagraítear i mír 1, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 46 go 49.

4. Tiomsóidh an Coimisiún na sonraí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 i leith gach Ballstát agus cuirfidh sé ar aghaidh iad chuig Rúnaí NEAFC laistigh de 30 lá tar éis na míosa féilire inar cuireadh na gabhálacha i dtír nó inar trasloingsíodh iad.

Airteagal 11

Córas um Fhaireachán Soithí

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an fhaisnéis a fuarthas leis an gCóras um fhaireachán soithí (VMS) maidir le soithí a bhfuil bratach na mBallstát sin ar foluain acu agus a dhéanann iascaireacht sa Limistéar Rialála, nó a bhfuil sé beartaithe ag na soithí sin iascaireacht a dhéanamh ann, a tharchur chuig Rúnaí NEAFC go huathoibríoch agus go leictreonach. Cinnfear formáid agus sonraíochtaí na dtarchur sin i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

Airteagal 12

Faisnéis a chur in iúl

1. Seolfaidh na Ballstáit na tuarascálacha agus an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9 agus in Airteagal 11 gan mhoill chuig Rúnaí NEAFC. I gcás mífheidhme teicniúil, áfach, tarchuirfear na tuarascálacha agus an fhaisnéis sin chuig Rúnaí NEAFC laistigh de 24 huaire an chloig tar éis iad a fháil. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh uimhriú seicheamhach ar gach tuarascáil agus ar gach teachtaireacht a sheolann siad ar aghaidh.

2. Maidir leis na tuarascálacha agus leis an bhfaisnéis a tharchuirtear chuig Rúnaí NEAFC, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh siad i gcomhréir leis na formáidí agus na prótacail um malartú sonraí arna gcinneadh i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

Airteagal 13

Trasloingsiú agus oibríochtaí comhpháirteacha iascaireachta

1. Ní ghabhfaidh soithí iascaireachta an AE do ghníomhaíochtaí trasloingsithe sa Limistéar Rialála ach amháin más rud é go bhfuil réamhúdarú faighte acu ó na húdaráis inniúla ina mBallstát is Stát na brataí.

2. Ní fhéadfaidh soithí iascaireachta an AE gabháil d'oibríochtaí trasloingsithe nó d'oibríochtaí comhpháirteacha iascaireachta ach amháin le soithí a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh ar foluain acu agus le soithí Páirtí neamhChonarthaigh a bhfuil stádas Páirtí neamhChonarthaigh chomhoibríoch bronnta orthu ag NEAFC.

3. Soithí iascaireachta an AE a ghabhann d'oibríochtaí trasloingsithe lena ndéantar cainníochtaí a luchtú ar bord, ní fhéadfaidh siad gabháil do ghníomhaíochtaí eile iascaireachta, lena n-áirítear oibríochtaí comhpháirteacha iascaireachta, le linn an turais chéanna cé is moite d'oibríochtaí próiseála éisc agus de chur i dtír éisc.

Airteagal 14

Stuáil ar leithligh

1. Féadfaidh soithí iascaireachta an AE, a iompraíonn acmhainní iascaigh reoite ar bord, ar acmhainní iad a ndearna níos mó ná soitheach amháin iad a ghabháil i Limistéar an Choinbhinsiúin, an t-iasc ó gach ceann de na soithí sin a stuáil i níos mó ná cuid amháin de bholg an tsoithigh, ach coinneoidh siad dealaithe go soiléir iad ón iasc a ghabh soithí eile, trí úsáid a bhaint go háirithe as plaisteach, sraithadhmad nó líonta.

2. Déanfar na gabhálacha a tógadh laistigh de Limistéar an Choinbhinsiúin a stuáil ar leithligh ó ghabhálacha a tógadh lasmuigh den limistéar.

Airteagal 15

Lipéadú ar iasc reoite

Tar éis iad a reo, déanfar gach uile iasc a ghabhtar i Limistéar an Choinbhinsiúin a shainaithint le lipéad nó le stampa atá inléite go soiléir. Déanfar an lipéad nó an stampa a chur ar gach bosca nó ar gach bloc éisc reoite agus é á stuáil, agus sonrófar leis an speiceas, an dáta táirgthe, folimistéar agus rannán CITM inar tógadh é agus ainm an tsoithigh a ghabh an t-iasc.

CAIBIDIL III

CIGIREACHTAÍ AR MUIR

Airteagal 16

Cigirí NEAFC

1. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil a gcuid soithí iascaireachta údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sa Limistéar Rialála, cigirí a shannadh don Scéim chun faireachas agus cigireacht a dhéanamh (Cigirí NEAFC).

2. Eiseoidh na Ballstáit doiciméad aitheantais speisialta do gach cigire NEAFC. Cinnfear leagan amach an doiciméid sin i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

3. Agus é ag dul ar bord soithigh iascaireachta, beidh an doiciméad aitheantais speisialta ag gach cigire NEAFC agus tabharfaidh sé ar aird é.

Airteagal 17

Forálacha ginearálta maidir le cigireacht agus faireachas

1. Comhordóidh an Coimisiún, nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, na gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta don Aontas agus, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, tarraingeoidh sé suas gach bliain comhphlean imscartha do rannpháirtíocht an Aontais sa Scéim sa bhliain dar gcionn. Socrófar sa phlean imscartha sin, inter alia, an líon cigireachtaí a bheidh le déanamh.

I gcás ina mbeidh, aon tráth, níos mó ná 10 soitheach iascaireachta an AE ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar i ndáil le hacmhainní rialáilte sa Limistéar Rialála, áiritheoidh an Coimisiún, nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, go mbeidh soitheach cigireachta ó Bhallstát i láthair i rith an ama sin sa Limistéar Rialála nó go mbeidh comhaontú curtha i gcrích le Páirtí Conarthach eile chun a áirithiú go mbeidh soitheach cigireachta i láthair.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na cigireachtaí a dhéanfaidh a gcuid cigirí NEAFC a chur i gcrích ar mhodh neamh-idirdhealaitheach agus i gcomhréir leis an Scéim. Beidh líon na gcigireachtaí bunaithe ar mhéid an chabhlaigh, agus an méid ama a chaitheann na soithí iascaireachta sa Limistéar Rialála á chur san áireamh.

3. Féachfaidh an Coimisiún, nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, lena áirithiú go gcaithfear go cothrom leis na Páirtithe Conarthacha a bhfuil soithí iascaireachta dá gcuid ag oibriú sa Limistéar Rialála, trí líon na gcigireachtaí a dháileadh go cothromasach.

4. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go gceadófar do chigirí NEAFC ó Pháirtí Conarthach eile cigireacht a dhéanamh ar bord soithí a bhfuil bratach na mBallstát sin ar foluain acu.

5. Seachnóidh cigirí dul i muinín an fhornirt ach amháin i gcásanna d'fhéinchosaint dhlisteanach. Agus iad i mbun cigireachta ar bord soithí iascaireachta, ní bheidh aon arm tine ar iompar ag cigirí NEAFC. Beidh an mhír seo gan dochar do na forálacha náisiúnta maidir leis an toirmeasc ar dhul i muinín an fhornirt.

6. Seachnóidh cigirí NEAFC a bheith ina gcúis míchaoithiúlachta don soitheach iascaireachta, nó cur isteach ar a chuid gníomhaíochtaí nó ar an ngabháil atá ar bord, ach amháin i gcás ina mbeidh gá leis sin d'fhonn a gcuid sainorduithe a chur i gcrích agus sa mhéid sin amháin.

Airteagal 18

Acmhainní chun cigireacht a chur i gcrích

1. Cuirfidh na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha ar fáil dá gcigirí NEAFC chun go mbeidh siad in ann a gcuid cúramaí faireachais agus cigireachta a chur i gcrích. Chuige sin, sannfaidh siad soithí cigireachta agus aerárthaí chuig an Scéim.

2. Roimh an 1 Eanáir gach bliain, seolfaidh an Coimisiún, nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, chuig Rúnaí NEAFC, sonraí an phlean, maille le hainmneacha cigirí NEAFC agus na soithí cigireachta speisialta, mar aon leis na cineálacha aerárthaí agus a mionsonraí aitheantais (an uimhir chláraithe, an t-ainm, an glao-chomhartha raidió) a bheidh á sannadh ag na Ballstáit don Scéim i rith na bliana sin. I gcás inarb iomchuí, bainfear an fhaisnéis seo as an liosta cigirí dá dtagraítear in Airteagal 79(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Aon athruithe a dhéanfar ar an liosta sin, seolfaidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún iad agus cuirfidh siadsan ina seal iad ar aghaidh chuig Rúnaí NEAFC agus chuig na Ballstáit eile mí amháin sula mbeidh na hathruithe sin le teacht i bhfeidhm.

3. Aon soitheach arna sannadh chuig an Scéim agus a mbeidh cigirí NEAFC air, agus aon soitheach bordála a bheidh in úsáid ag an soitheach sin, beidh comhartha speisialta cigireachta NEAFC ar taispeáint orthu, lena gcuirfear in iúl go bhféadfaidh na cigirí NEAFC atá ar bord cúraimí cigireachta a chur i gcrích i gcomhréir leis an Scéim. Maidir le haerárthaí a bheidh sannta chuig an Scéim, déanfar a nglao-chomhartha idirnáisiúnta raidió a thaispeáint go soiléir orthu. Cinnfear foirm an chomhartha speisialta i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

4. I gcás gach soitheach cigireachta Aontais nó gach aerárthach Aontais arna sannadh chuig an Scéim, coinneoidh an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún taifead maidir leis an dáta agus leis an am a thosóidh agus a chríochnóidh a gcuid dualgas faoin Scéim, de réir mar a leagtar amach iad san fhoirm a chinnfear i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

Airteagal 19

An nós imeachta maidir le faireachas

1. Beidh an faireachas bunaithe ar amhairc a gheobhaidh cigirí NEAFC, agus iad i soitheach nó in aerárthach arna shannadh don Scéim, ar shoithí iascaireachta. Cuirfidh na cigirí NEAFC cóip de gach tuairisc amhairc i gcás gach soithigh ar aghaidh gan mhoill chuig Stát brataí an tsoithigh lena mbaineann, chuig an gCoimisiún, nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, agus chuig Rúnaí NEAFC, trína tarchur go leictreonach agus san fhoirm a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagal 50(2). Arna iarraidh sin, déanfar cóip chrua de gach tuairisc amhairc mar aon le haon ghrianghraif a rinneadh a sheoladh chuig Stát brataí an tsoithigh lena mbaineann.

2. Déanfaidh na cigirí NEAFC a gcuid amharc a thaifeadadh i dtuarascáil faireachais agus bainfidh siad úsáid as foirm a leagfar amach i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

Airteagal 20

An nós imeachta maidir le cigireacht

1. Ní rachaidh cigirí NEAFC ar bord soitheach iascaireachta gan fógra a tharchur roimh ré chuig an soitheach sin le raidió nó gan an comhartha cuí a thabhairt don soitheach sin tríd an gCód Idirnáisiúnta Comharthaí a úsáid, lena n-áirítear sonraí aitheantais an ardáin chigireachta a chur in iúl; ní bheidh sé riachtanach, áfach, admháil a thabhairt go bhfuarthas an fógra sin.

2. Beidh sé d'údarás ag cigirí NEAFC gach limistéar, deic agus seomra ábhartha a iniúchadh sna soithí iascaireachta, chomh maith leis an ngabháil (bíodh sí próiseáilte nó neamhphróiseáilte), na líonta nó trealamh eile, an fearas agus aon doiciméid ábhartha a mheasfaidh siad a bheith riachtanach d'fhonn comhlíonadh na mbeart caomhnaithe agus bainistithe arna nglacadh ag NEAFC a fhíorú agus beidh sé d'údarás acu an máistir, nó duine arna ainmniú ag an máistir, a cheistiú.

3. Ní chuirfear de cheangal ar an soitheach iascaireachta a bheidh le bordáil stopadh ná ainliú agus iascaireacht, scaoileadh nó tarlú ar siúl aige. Féadfaidh cigirí NEAFC a ordú go stopfar de tharlú an trealaimh iascaireachta nó go gcuirfear moill air go dtí go mbeidh siad ar bord an tsoithigh iascaireachta, ach i gcás ar bith ní fhéadfaidh siad déanamh amhlaidh níos mó ná 30 nóiméad tar éis don soitheach iascaireachta an comhartha dá dtagraítear i mír 1 a fháil.

4. Áiritheoidh máistrí na n-ardán cigireachta go ndéanfaidh siad a gcuid ainlithe achar sábháilte ó na soithí iascaireachta, i gcomhréir leis an dea-mhairnéalacht.

5. Féadfaidh cigirí NEAFC ordú a thabhairt do shoitheach iascaireachta moill a chur ar a dhul isteach sa Limistéar Rialála nó ar a imeacht amach as an Limistéar Rialála ar feadh suas le sé huaire an chloig ón am a ndéanfaidh an soitheach iascaireachta na tuairiscí dá dtagraítear in Airteagal 9(1)(a) agus (c) a tharchur.

6. Ní mhairfidh cigireacht níos mó ná ceithre huaire an chloig, nó an fad ama a thógann sé chun an líon a tharraingt isteach agus chun cigireacht a dhéanamh ar an líon agus ar an ngabháil, cibé ceann den dá ní is faide. I gcás ina mbraithfear go ndearnadh sárú, féadfaidh na cigirí NEAFC fanacht ar bord an fad ama is gá chun na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 29(1)(b) a chur i gcrích.

7. I gcúinsí ar leith a bhaineann le méid an tsoithigh iascaireachta agus leis na cainníochtaí éisc a choinnítear ar bord, d'fhéadfadh sé go mairfeadh ré na cigireachta níos faide ná na teorainneacha a leagtar síos i mír 6. I staid den sórt sin, ní fhanfaidh cigirí NEAFC ar bord an tsoithigh iascaireachta ar chúis ar bith ar feadh tréimhse níos faide ná an t-achar a bheidh riachtanach chun an chigireacht a chur i gcrích. Aon sárú a dhéanfar ar an teorainn a leagtar síos i mír 6, déanfar na cúiseanna atá leis a thaifeadadh sa tuarascáil cigireachta dá dtagraítear i mír 9.

8. Ní rachaidh níos mó ná beirt chigire NEAFC arna sannadh ag Ballstát ar bord soitheach iascaireachta Páirtí Chonarthaigh eile. Agus iad i mbun a gcigireachta, féadfaidh na cigirí NEAFC a iarraidh ar an máistir aon chúnamh is gá a thabhairt. Ní chuirfidh cigirí NEAFC aon bhac ar chumas an mháistir cumarsáid a dhéanamh le húdaráis Stát na brataí le linn na bordála agus na cigireachta.

9. Déanfar gach cigireacht a dhoiciméadú trí tuarascáil chigireachta a chomhlánú san fhormáid arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 50(2). Féadfaidh an máistir nóta trachta a dhéanamh agus é a chur leis an tuarascáil chigireachta agus síneoidh na cigirí NEAFC an tuarascáil sin ag deireadh na cigireachta. Tabharfar cóip den tuarascáil chigireachta do mháistir an tsoithigh iascaireachta. Tarchuirfear cóip de gach tuarascáil chigireachta gan mhoill chuig Stát brataí an tsoithigh a ndearnadh cigireacht air agus chuig an gCoimisiún, nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún. Seolfaidh an Coimisiún, nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, an chóip ar aghaidh go pras chuig Rúnaí NEAFC. Arna iarraidh sin do Stát brataí an tsoithigh a ndearnadh cigireacht air, seolfar an bhunchóip nó cóip dheimhnithe de gach tuarascáil chigireachta chuige.

Airteagal 21

Oibleagáidí mháistir an tsoithigh le linn an nós imeachta cigireachta

Déanfaidh máistir soithigh iascaireachta mar a leanas:

(a) éascóidh sé bordáil agus díbhordáil phras shábháilte de bhun sonraíochtaí arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 50(2);

(b) comhoibreoidh sé agus tabharfaidh sé cúnamh maidir le cigireacht an tsoithigh iascaireachta arna déanamh de bhun an Rialacháin seo, agus ní chuirfidh sé bac nó imeagla ar na cigirí NEAFC ná ní chuirfidh sé isteach orthu agus iad i mbun a ndualgas agus áiritheoidh sé a sábháilteacht;

(c) ligfidh sé do na cigirí NEAFC cumarsáid a dhéanamh le húdaráis Stát na brataí agus le húdaráis an Stáit chigireachta;

(d) ligfidh sé dóibh dul isteach in aon limistéar, deic nó seomra den soitheach iascaireachta, agus rochtain a bheith acu ar an ngabháil (bíodh sí próiseáilte nó neamhphróiseáilte) agus ar na líonta nó ar threalamh eile, ar fhearas, agus ar aon fhaisnéis nó ar aon doiciméid ábhartha a cheapann na cigirí NEAFC a bheith riachtanach i gcomhréir le hAirteagal 20(2);

(e) cuirfidh sé cóipeanna de dhoiciméid ar fáil de réir mar a éileoidh na cigirí NEAFC iad; agus

(f) cuirfidh sé áiseanna réasúnacha ar fáil do chigirí NEAFC, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, bia agus cóiríocht i gcás ina bhfanfaidh siad ar bord an tsoithigh i gcomhréir le hAirteagal 32(3).

CAIBIDIL IV

RIALÚ AG STÁT AN CHALAFOIRT AR SHOITHÍ IASCAIREACHTA A BHFUIL BRATACH PÁIRTÍ CHONARTHAIGH EILE AR FOLUAIN ACU

Airteagal 22

Raon feidhme

Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus do Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscthe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú [1], beidh feidhm ag na forálacha a leagtar amach sa Chaibidil seo maidir le cur i dtír nó le trasloingsiú a dhéantar i gcalafoirt de chuid na mBallstát i dtaca le hacmhainní iascaigh a reoitear tar éis do shoithí iascaireachta iad a ghabháil i Limistéar an Choinbhinsiúin, ar soithí iascaireachta iad a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh eile ar foluain acu.

[1] IO L 286, 29.10.2008, lch. 1.

Airteagal 23

Calafoirt ainmnithe

Ainmneoidh na Ballstáit na calafoirt ina mbeidh cur i dtír nó trasloingsiú ceadaithe d'acmhainní iascaigh reoite tar éis a ngabhála i Limistéar an Choinbhinsiúin ag soithí iascaireachta a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh eile ar foluain acu agus tabharfaidh siad fógra don Choimisiún ina leith. Tabharfaidh an Coimisiún fógra i leith na gcalafort sin agus i leith aon athruithe a thiocfaidh ar liosta na gcalafort ainmnithe do Rúnaí NEAFC 15 lá ar a laghad roimh an dáta a dtiocfaidh an t-athrú i bhfeidhm.

Is i gcalafoirt ainmnithe, agus sna calafoirt sin amháin, a cheadófar cur i dtír agus trasloingsiú éisc a reoitear tar éis a ngabhála i Limistéar an Choinbhinsiúin ag soithí iascaireachta a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh eile ar foluain acu.

Airteagal 24

Réamhfhógra a thabhairt i dtaobh dhul isteach i gcalafort

1. I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, nuair atá sé ar intinn ag máistir soithigh iascaireachta a bhfuil iasc dá dtagraítear in Airteagal 22 den Rialachán seo á iompar aige dul isteach i gcalafort chun iasc a chur i dtír nó a thrasloingsiú, tabharfaidh máistir an tsoithigh, nó a ionadaí, fógra chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil an calafort is mian leis a úsáid, tráth nach déanaí ná trí lá oibre roimh an am a meastar go sroichfear an calafort.

Féadfaidh Ballstát, áfach, foráil a dhéanamh do thréimhse eile um fhógra, agus an fad idir an t-iascach agus na calafoirt, go háirithe, á chur san áireamh aige. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh an Ballstát an Coimisiún, nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, agus Rúnaí NEAFC, ar an eolas faoi sin gan mhoill.

2. Féadfaidh máistrí nó a n-ionadaithe fógra arna thabhairt roimhe sin a chealú agus udaráis inniúla an chalafoirt a chur ar an eolas, ar calafort é is mian leo a úsáid, tráth nach déanaí ná 24 huaire an chloig roimh an am a fógraíodh mar an t-am a measadh go sroichfí an calafort sin. I dteannta an fhógra, beidh cóip den bhunfhoirm um fhógra a mbeidh an focal "CANCELLED" scríofa trasna uirthi.

Féadfaidh Ballstát, foráil a dhéanamh, áfach, do thréimhse eile fógra le haghaidh cealaithe. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh an Ballstát an Coimisiún, nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, agus Rúnaí NEAFC, ar an eolas faoi sin gan mhoill.

3. Seolfaidh údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt cóip de na fógraí dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 ar aghaidh gan mhoill chuig Stát brataí an tsoithigh iascaireachta agus chuig Stát brataí nó Stáit bhrataí na soithí deontóra i gcás ina raibh an soitheach iascaireachta ag gabháil d'oibríochtaí trasloingsithe. Seolfar cóip den fhógra dá dtagraítear i mír 2 ar aghaidh gan mhoill freisin chuig Rúnaí NEAFC.

4. Cinnfear formáid agus sonraíochtaí na bhfógraí i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

A mhéid is gá sin, glacfar tuilleadh rialacha mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta um fhógra agus um chealú faoin Airteagal seo, lena n-áirítear na tréimhsí, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 46 go 49.

Airteagal 25

Cur i dtír nó trasloingsiú a údarú

1. Déanfaidh Stát brataí an tsoithigh iascaireachta a mbeidh sé beartaithe aige cur i dtír nó trasloingsiú a dhéanamh, nó Stát brataí nó Stáit bhrataí na soithí deontóra, i gcás ina bhfuil an soitheach iascaireachta tar éis gabháil d'oibríochtaí trasloingsithe lasmuigh d'uiscí an AE,, déanfaidh siad a dhearbhú, trí chóip den réamhfhógra dá dtagraítear in Airteagal 24 a chur ar ais chuig údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt, mar a leanas:

(a) go raibh cuóta leordhóthanach, don speiceas dearbhaithe, ag an soitheach iascaireachta a dhearbhaigh gur ghabh sé an t-iasc;

(b) gur tuairiscíodh na cainníochtaí éisc atá ar bord go cuí agus gur cuireadh san áireamh iad le haghaidh aon teorainneacha a ríomh a d'fhéadfadh a bheith infheidhme i leith na gabhála nó na hiarrachta;

(c) go raibh údarú chun iascaireacht a dhéanamh sna limistéir dhearbhaithe ag an soitheach iascaireachta a dhearbhaigh gurb é a ghabh an t-iasc;

(d) gur deimhníodh de réir sonraí VMS go raibh an soitheach iascaireachta i láthair sa limistéar gabhála dearbhaithe.

2. Ní fhéadfar tús a chur le hoibríochtaí curtha i dtír nó trasloingsithe go dtí go mbeidh údarú faighte ó údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt. Ní thabharfar an t-údarú sin ach amháin sa chás ina mbeidh an dearbhú ó Stát na brataí dá dtagraítear i mír 1 faighte.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt cur i dtír gabhála iomláine nó cuid di a údarú in uireasa an dearbhaithe dá dtagraítear i mír 1, ach i gcásanna den sórt sin coinneoidh siad an t-iasc i stóras faoi rialú na n-údarás inniúil sin. Ní scaoilfear an t-iasc le haghaidh a dhíolta, a athshealbhaithe nó a iompair, go dtí go bhfaighfear an dearbhú dá dtagraítear i mír 1. Mura bhfaighfear an dearbhú laistigh de 14 lá tar éis chur i dtír an éisc, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt an t-iasc a choigistiú agus é a dhiúscairt i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta.

4. Cuirfidh údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt fógra faoina gcinneadh i leith cur i dtír nó trasloingsiú a údarú nó gan é a údarú, gan mhoill chuig an máistir agus cuirfidh siad in iúl do Rúnaí NEAFC é.

5. Glacfar rialacha mionsonraithe maidir leis an údarú i leith curtha i dtír nó trasloingsithe faoin Airteagal seo i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 46 go 49.

Airteagal 26

Cigireachtaí i gcalafort

1. Déanfaidh gach Ballstát cigireacht ar 15 % ar a laghad den líon curtha i dtír nó trasloingsithe a dhéantar ina gcalafoirt i gcaitheamh gach bliana tuarascála.

2. Leis an gcigireacht, déanfar faireachán ar an díluchtú iomlán nó ar an trasloingsiú iomlán agus áireofar léi cros-seiceáil idir na cainníochtaí de réir speicis a taifeadadh sa réamhfhógra um chur i dtír agus na cainníochtaí de réir speicis a cuireadh i dtír nó a trasloingsíodh. Agus an cur i dtír nó an trasloingsiú curtha i gcrích, déanfaidh an cigire na cainníochtaí, de réir speicis éisc a bheidh fágtha ar bord, a fhíorú agus a nótáil.

3. Déanfaidh na cigirí náisiúnta a ndícheall chun nach gcuirfear moill mhíchuí ar soitheach agus chun a áirithiú go mbeidh an oiread is lú de chur isteach nó de mhíchaoithiúlacht ann don soitheach agus go seachnófar aon díghrádú ar cháilíocht an éisc.

4. Féadfaidh Ballstát an chalafoirt cuireadh a thabhairt do chigirí Páirtithe Conarthacha eile dul i dteannta a gcuid cigirí féin agus breathnú ar chigireacht chur i dtír nó oibríochtaí trasloingsithe na n-acmhainní iascaigh arna ngabháil ag soithí iascaireachta a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh eile ar foluain acu.

Airteagal 27

Tuarascálacha cigireachta

1. Déanfar gach cigireacht a dhoiciméadú trí thuarascáil a chomhlánú san fhoirm arna bunú i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

2. Féadfaidh an máistir a chuid nótaí tráchta féin a chur leis an tuarascáil chigireachta agus síneoidh an cigire agus an máistir an tuarascáil chigireachta ag deireadh na cigireachta. Tabharfar cóip den tuarascáil chigireachta do mháistir an tsoithigh iascaireachta.

3. Tarchuirfear cóip de gach tuarascáil chigireachta gan mhoill chuig Stát brataí an tsoithigh iascaireachta a ndearnadh cigireacht air, chuig Stát brataí nó Stáit bhrataí na soithí deontóra i gcás ina bhfuil an soitheach tar éis gabháil d'oibríochtaí trasloingsithe, chuig an gCoimisiún nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún agus chuig Rúnaí NEAFC. Arna iarraidh sin do Stát brataí an tsoithigh a ndearnadh cigireacht air, seolfar an bhunchóip nó cóip dheimhnithe de gach tuarascáil chigireachta chuig Stát sin na brataí.

CAIBIDIL V

SÁRUITHE

Airteagal 28

Raon feidhme

Gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ná do Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008, beidh feidhm ag na forálacha a leagtar amach sa Chaibidil seo maidir le soithí iascaireachta an AE agus maidir le soithí iascaireachta a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh eile ar foluain acu, ar soithí iad a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar i ndáil le hacmhainní iascaigh sa Limistéar Rialála.

Airteagal 29

Na nósanna imeachta maidir le sárú

1. I gcás ina gcinneann cigirí go bhfuil cúiseanna soiléire ann lena chreidiúint go raibh soitheach iascaireachta ag gabháil d'aon ghníomhaíocht atá contrártha do na bearta caomhnaithe agus bainistithe a ghlac NEAFC, déanfaidh siad mar a leanas:

(a) déanfaidh siad an sárú a thaifeadadh sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 19(2), in Airteagal 20(9) nó in Airteagal 27;

(b) déanfaidh siad na bearta go léir is gá chun slándáil agus leanúnachas na fianaise a áirithiú. Féadfar marc aitheantais a ghreamú go docht d'aon chuid den trealamh iascaireachta a mheasann an cigire gur cuid den trealamh í a sháraíonn na bearta is infheidhme nó atá tar éis na bearta sin a shárú;

(c) déanfaidh siad iarracht láithreach bonn cumarsáid a dhéanamh le cigire nó le húdarás ainmnithe de chuid Stát brataí an tsoithigh iascaireachta a ndearnadh cigireacht air;

(d) tarchuirfidh siad an tuarascáil chigireachta go pras chuig an gCoimisiún nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún.

2. Cuirfidh an Ballstát a bheidh i mbun cigireachta in iúl d'údarás inniúil Stát brataí an tsoithigh a ndearnadh cigireacht air, agus don Choimisiún nó don chomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, i scríbhinn, mionsonraí an tsáraithe agus uair ar bith ar féidir leis é sin a dhéanamh, déanfaidh sé amhlaidh i gcaitheamh an chéad lae oibre tar éis thús na cigireachta.

3. Cuirfidh an Ballstát a bheidh i mbun cigireachta bunchóip na tuarascála faireachais nó cigireachta, mar aon le haon doiciméid tacaíochta, gan mhoill chuig údaráis inniúla Stát brataí an tsoithigh iascaireachta a ndearnadh cigireacht air, agus seolfaidh sé cóip chuig an gCoimisiún nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, agus seolfaidh sé sin cóip chuig Rúnaí NEAFC.

Airteagal 30

Gníomhaíocht leantach i gcás sáraithe

1. I gcás ina bhfaighidh Ballstát amháin fógra ó Pháirtí Conarthach eile nó ó Bhallstát eile maidir le sárú a rinne soitheach iascaireachta a raibh bratach an Bhallstáit sin ar foluain aige, déanfaidh sé gníomhaíocht go pras, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, chun fianaise maidir leis an sárú a fháil agus a bhreithniú agus déanfaidh sé aon imscrúdú eile is gá maidir le gníomhaíocht leantach i leith an tsáraithe, agus i ngach cás inar féidir sin, déanfaidh sé cigireacht ar an soitheach lena mbaineann.

2. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla atá chun fianaise maidir leis an sárú a fháil agus cuirfidh siad seoladh na n-údarás sin, mar aon le haon athrú ar an bhfaisnéis sin, in iúl don Choimisiún nó don chomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún. Ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaí NEAFC.

Airteagal 31

Sáruithe tromchúiseacha

Chun críche an Rialacháin seo, measfar gur sáruithe tromchúiseacha iad na sáruithe seo a leanas:

(a) iascaireacht a dhéanamh d'uireasa údaraithe bhailí arna eisiúint ag Stát na brataí;

(b) iascaireacht a dhéanamh gan chuóta nó tar éis ídiú an chuóta sin;

(c) trealamh toirmiscthe iascaireachta a úsáid;

(d) taifead neamhchruinn tromchúiseach a dhéanamh ar ghabhálacha;

(e) mainneachtain arís agus arís eile Airteagal 9 agus Airteagal 11 a chomhlíonadh;

(f) cur i dtír nó trasloingsiú a dhéanamh i gcalafort nach bhfuil ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 23;

(g) mainneachtain Airteagal 24 a chomhlíonadh;

(h) cur i dtír nó trasloingsiú a dhéanamh gan údarú ó Stát an chalafoirt dá dtagraítear in Airteagal 25;

(i) bac a chur ar chigire a chuid dualgas a chur i gcrích;

(j) iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar stoc atá faoi réir moratorium nó a bhfuil toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh air;

(k) marcálacha ar shoitheach iascaireachta, nó a aitheantas nó a shonraí cláraithe, a fhalsú nó a cheilt;

(l) fianaise maidir le himscrúdú a cheilt, baint leis an bhfianaise nó í a dhiúscairt;

(m) ilsáruithe arb ionann iad, ina n-iomláine, agus neamhaird thromchúiseach a thabhairt ar bhearta caomhnaithe agus ar bhearta bainistithe;

(n) gabháil do thrasloingsiú nó d'oibríochtaí comhpháirteacha iascaireachta in éineacht le soithí de chuid Páirtí neamh-Chonarthaigh nár dheonaigh NEAFC stádas Páirtí neamh-Chonarthaigh chomhoibríoch dó;

(o) aon soláthairtí, aon bhreosla nó aon seirbhísí eile a chur ar fáil do shoithí a cuireadh ar an liosta dá dtagraitear in Airteagal 44.

Airteagal 32

Gníomhaíocht leantach i gcás sáruithe tromchúiseacha

1. Má mheasann cigire go bhfuil forais soiléire ann lena chreidiúint go bhfuil soitheach iascaireachta tar éis sárú tromchúiseach a dhéanamh faoi Airteagal 31, tabharfaidh an cigire sin fógra maidir leis an sárú sin don Choimisiún, nó don chomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, d'údaráis inniúla Stát brataí an tsoithigh iascaireachta a ndearnadh cigireacht air agus do Stát brataí nó do Stáit bhrataí na soithí deontóra i gcás ina raibh an soitheach a ndearnadh cigireacht air ag gabháil d'oibríochtaí trasloingsithe, i gcomhréir le hAirteagal 29(3), agus cuirfidh sé cóip de freisin chuig Rúnaí NEAFC.

2. D'fhonn an fhianaise a chaomhnú, déanfaidh an cigire na bearta uile is gá chun slándáil agus leanúnachas na fianaise a áirithiú, agus a laghad míchaoithiúlachta á imirt ar an soitheach agus a laghad cur isteach is féidir á imirt ar oibriú an tsoithigh.

3. Beidh an cigire i dteideal fanacht ar bord an tsoithigh iascaireachta ar feadh na tréimhse is gá chun faisnéis a chur ar fáil maidir leis an sárú don chigire cuí-údaraithe dá dtagraítear in Airteagal 33, nó go dtí go bhfaighfear freagra ó Stát na brataí ar Stát é a iarrann air an soitheach a fhágáil.

Airteagal 33

Gníomhaíocht leantach i gcás sáruithe tromchúiseacha arna ndéanamh ag soitheach iascaireachta de chuid an AE

1. Freagróidh Ballstáit na brataí don fhógra dá dtagraítear in Airteagal 32(1) gan mhoill agus áiritheoidh siad go ndéanfaidh cigire a bhfuil an t-údarú cuí aige cigireacht ar an soitheach iascaireachta lena mbaineann laistigh de 72 uair an chloig i leith an tsáraithe sin. Rachaidh an cigire cuí-údaraithe ar bord an tsoithigh iascaireachta lena mbaineann agus scrúdóidh sé fianaise an tsáraithe amhrasta, arna suí ag an gcigire, agus cuirfidh sé torthaí an scrúdaithe chuig an údarás inniúil i mBallstát na brataí agus chuig an gCoimisiún, nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, chomh tapa agus is féidir.

2. Tar éis fógra a thabhairt maidir le torthaí an scrúdaithe dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh Ballstáit na brataí de cheanglas ar an soitheach iascaireachta, más gá sin de réir na fianaise, dul láithreach bonn, agus i ngach gcás laistigh de 24 huaire an chloig, chuig calafort arna ainmniú ag Ballstát sin na brataí, le go ndéanfar cigireacht chríochnúil air faoi údarás an Bhallstáit sin.

3. Féadfaidh Ballstát na brataí Ballstát na cigireachta a údarú chun an soitheach iascaireachta a thabhairt gan mhoill chuig calafort arna ainmniú ag Ballstát na brataí.

4. Mura n-iarrfar ar an soitheach iascaireachta dul chun calafoirt, ní mór do Bhallstát na brataí bonn cirt cuí a thabhairt in am tráth don Choimisiún nó don chomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún agus do Bhallstát na cigireachta. Cuirfidh an Coimisiún, nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, an bonn cirt sin ar aghaidh chuig Rúnaí NEAFC.

5. I gcás ina mbeidh sé de cheanglas ar shoitheach iascaireachta dul chun calafoirt le go ndéanfar cigireacht chríochnúil air de bhun mhír 2 nó mhír 3, féadfaidh cigire NEAFC ó Pháirtí Conarthach eile, faoi réir thoiliú Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta, dul ar bord agus fanacht ar bord an tsoithigh iascaireachta fad a bheidh sé ag dul chun calafoirt, agus féadfaidh sé a bheith i láthair le linn chigireacht an tsoithigh iascaireachta sa chalafort.

6. Cuirfidh Ballstáit na brataí toradh na cigireachta críochnúla agus cuirfidh siad na bearta atá glactha acu de bharr an tsáraithe in iúl don Choimisiún nó don chomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún go pras.

7. Cinnfear na rialacha mionsonraithe chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

Airteagal 34

Tuairisciú agus gníomhaíocht leantach i gcás sáruithe

1. Faoin 15 Feabhra gach bhliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil chuig an gCoimisiún nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún maidir le stádas na n-imeachtaí a bhaineann le sáruithe ar na bearta caomhnaithe agus bainistithe arna nglacadh ag NEAFC, ar sáruithe iad a rinneadh i gcaitheamh na bliana féilire roimhe sin. Leanfar de na sáruithe a liostú i ngach tuarascáil ina dhiaidh sin go dtí go dtabharfar na himeachtaí chun críche i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta. Cuirfidh an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún na tuarascálacha ar aghaidh chuig Rúnaí NEAFC faoin 1 Márta den bhliain chéanna sin.

2. Léireofar leis an tuarascáil, dá dtagraítear i mír 1, stádas reatha na n-imeachtaí agus go háirithe an bhfuil an cás ar feitheamh nó an bhfuil sé á achomharc nó fós á imscrúdú. Beidh cur síos sonrach sa tuarascáil ar aon phionóis a forchuireadh, lena sonrófar go háirithe leibhéal na bhfíneálacha, luach an éisc a forghéilleadh agus/nó an trealaimh a forghéilleadh agus aon rabhaidh a tugadh i scríbhinn, agus, sa chás nach ndearnadh gníomhaíocht, luafar na cúiseanna leis sin.

Airteagal 35

Mar a dhéileáiltear le tuarascálacha cigireachta

Gan dochar d'Airteagal 77 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, comhoibreoidh na Ballstáit lena chéile agus leis na Páirtithe Conarthacha eile chun imeachtaí breithiúnacha nó imeachtaí eile a éiríonn as tuarascáil a thíolaic cigire, ar cigire é atá faoin Scéim, a éascú, faoi réir na rialacha a rialaíonn inghlacthacht fianaise i gcórais bhreithiúnacha na tíre féin nó i gcórais eile na tíre féin.

Airteagal 36

Tuarascálacha maidir le gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta

1. Cuirfidh gach Ballstát tuarascáil chuig an gCoimisiún nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún faoin 15 Feabhra gach bliain don bhliain féilire roimhe sin, ina sonrófar:

(a) líon na gcigireachtaí a chuir siad i gcrích faoi Airteagal 19, Airteagal 20 agus Airteagal 26, lena sonrófar líon na gcigireachtaí ar shoithí gach Páirtí Chonarthaigh agus, i gcás ina ndearnadh sárú, an dáta agus an áit ina ndearnadh an chigireacht ar an soitheach sonrach lena mbaineann agus cineál an tsáraithe;

(b) líon uaireanta an chloig a caitheadh ag eitilt agus líon na laethanta a caitheadh ar muir ar phatróil de chuid NEAFC, líon na n-amharc a fuarthas ar shoithí de chuid Páirtí Chonarthaigh agus soithí de chuid Páirtí neamhChonarthaigh araon, agus liosta na soithí aonair a ndearnadh tuarascáil faireachais a chomhlánú ina dtaobh.

2. Tiomsóidh an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún tuarascáil de chuid an Aontais ar bhonn thuarascálacha na mBallstát. Seolfaidh sé tuarascáil an Aontais chuig Rúnaí NEAFC faoin 1 Márta gach bliain.

CAIBIDIL VI

BEARTA CHUN COMHLÍONADH AG SOITHÍ IASCAIREACHTA DE CHUID PÁIRTÍ NEAMHCHONARTHAIGH A CHUR CHUN CINN

Airteagal 37

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an gCaibidil seo maidir le soithí iascaireachta Páirtithe neamhChonarthacha, ar soithí iad, a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh i ndáil le hacmhainní iascaigh i Limistéar an Choinbhinsiúin.

2. Beidh an Chaibidil seo gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus gan dochar do Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

Airteagal 38

Amhairc ar shoithí de chuid Páirtí neamhChonarthaigh agus na soithí sin a shainaithint

1. Tarchuirfidh na Ballstáit gan mhoill chuig an gCoimisiún nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún aon fhaisnéis maidir le soithí de chuid Páirtí neamhChonarthaigh a bhfuarthas amharc orthu nó a sainaithníodh ar bhealach eile agus iad ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin. Cuirfidh an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún gach tuairisc, maidir le hamhairc a fhaigheann sé, in iúl do Rúnaí NEAFC agus do na Ballstáit eile go léir go pras.

2. An Ballstát a fuair amharc ar shoitheach Páirtí neamhChonarthaigh, féachfaidh sé leis an soitheach sin a chur ar an eolas gan mhoill go bhfuarthas amharc air nó gur sainaithníodh é ar bhealach eile agus é ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin agus, mura rud é gur dheonaigh an NEAFC stádas Páirtí neamhChonarthaigh chomhoibríoch do Stát brataí an tsoithigh sin, déantar a thoimhdiú dá bharr sin go bhfuil sé ag baint ó na bearta caomhnaithe agus bainistithe.

3. I gcás soitheach Páirtí neamhChonarthaigh a bhfuarthas amharc air nó a sainaithníodh ar bhealach eile agus é ag gabháil do ghníomhaíochtaí trasloingsithe, beidh feidhm ag an toimhde go bhfuil sé ag baint ó bhearta caomhnaithe agus bainistithe NEAFC maidir le haon soitheach eile de chuid Páirtí neamhChonarthaigh a sainaithíodh agus é ag gabháil do ghníomhaíochtaí den sórt sin in éineacht leis an soitheach sin.

Airteagal 39

Cigireachtaí ar muir

1. Iarrfaidh cigirí NEAFC cead dul ar bord agus cigireacht a dhéanamh ar shoithí de chuid Páirtí neamhChonarthaigh a bhfuarthas amharc orthu nó a sainaithníodh ar bhealach eile agus iad ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin. Má thugann an máistir cead dul ar bord an tsoithigh agus cigireacht a dhéanamh air, déanfar an chigireacht a dhoiciméadú trí thuarascáil chigireachta, dá dtagraítear in Airteagal 20(9), a chomhlánú.

2. Tarchuirfidh cigirí NEAFC, gan mhoill, cóip den tuarascáil chigireachta chuig an gCoimisiún nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, chuig Rúnaí NEAFC agus chuig máistir an tsoithigh is soitheach Páirtí neamhChonarthaigh. I gcás inar gá sin de réir na fianaise sa tuarascáil sin, féadfaidh Ballstát gníomhaíocht a dhéanamh de réir mar is iomchuí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Moltar do na Ballstáit scrúdú a dhéanamh i dtaobh chuibheas a gcuid beart náisiúnta chun dlínse a fheidhmiú ar shoithí den sórt sin.

3. Mura dtugann an máistir cead dóibh dul ar bord agus cigireacht a dhéanamh ar a shoitheach nó mura gcomhlíonann sé aon cheann de na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 21 (a) go (d), déantar a thoimhdiú go raibh an soitheach ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscthe agus neamhrialáilte (gníomhaíochtaí NNN). Cuirfidh an Cigire NEAFC an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún ar an eolas ina leith sin gan mhoill. Déanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, ar a sheal, é sin a chur in iúl do Rúnaí NEAFC go pras.

Airteagal 40

Dul isteach i gcalafort

1. Ní fhéadfaidh máistir soithigh iascaireachta de chuid Páirtí neamhChonarthaigh an soitheach a chur isteach ach amháin i gcalafort atá ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 23. Máistir a bhfuil sé i gceist aige dul isteach i gcalafort Ballstáit, tabharfaidh sé fógra ina leith sin d'údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt i gcomhréir le forálacha Airteagal 24. Cuirfidh Ballstát an chalafoirt lena mbaineann an fhaisnéis sin ar aghaidh gan mhoill chuig Ballstát brataí an tsoithigh agus chuig an gCoimisiún nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh, ar a sheal, chuig Rúnaí NEAFC.

2. Cuirfidh Ballstát an chalafoirt toirmeasc ar shoithí dul isteach ina chalafoirt mura bhfuil an réamhfhógra is gá maidir le dul isteach i gcalafort, agus dá dtagraítear in Airteagal 24, tugtha ag na soithí sin.

Airteagal 41

Cigireachtaí i gcalafort

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cigireacht ar gach soitheach de chuid Páirtí neamhChonarthaigh a thagann isteach i gceann dá gcalafoirt. Ní thabharfar cead don soitheach aon iasc a chur i dtír nó a thrasloingsiú go dtí go mbeidh an chigireacht sin curtha i gcrích. Déanfar gach cigireacht a dhoiciméadú trí thuarascáil chigireachta dá bhforáiltear in Airteagal 27 a chomhlánú. Sa chás ina mainníonn máistir an tsoithigh aon cheann de na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 21 (a) go (d) a chomhlíonadh, déanfar a thoimhdiú go raibh an soitheach ag gabháil do ghníomhaíochtaí NNN.

2. Tarchuirfear faisnéis maidir le torthaí na gcigireachtaí go léir a dhéantar ar shoithí de chuid Páirti neamhChonarthaigh i gcalafoirt na mBallstát, agus maidir leis an ngníomhaíocht a dhéantar ina dhiaidh sin, láithreach bonn chuig an gCoimisiún nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún agus cuirfidh sé sin an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaí NEAFC.

Airteagal 42

Cur i dtír agus trasloingsiú

1. Ní fhéadfar tús a chur le cur i dtír ná le trasloingsiú ach amháin i ndiaidh an t-údarú a fháil ó údaráis inniúla Stát an chalafoirt.

2. Beidh toirmeasc ar chur i dtír agus ar thrasloingsiú i gcalafoirt agus in uiscí na mBallstát go léir ó shoitheach de chuid Páirtí neamhChonarthaigh a mbeifear tar éis cigireacht a dhéanamh air de bhun Airteagal 41, má nochtar leis an gcigireacht sin go bhfuil speicis ar bord an tsoithigh sin atá faoi réir moltaí arna mbunú faoin gCoinbhinsiún mura soláthraíonn máistir an tsoithigh fianaise shásúil do na húdaráis inniúla lena gcruthófar gur gabhadh an t-iasc lasmuigh den Limistéar Rialála nó gur gabhadh é agus na moltaí ábhartha uile arna mbunú faoin gCoinbhinsiún á gcomhlíonadh.

3. Ní údarófar don soitheach gabháil do chur i dtír nó do thrasloingsiú más rud é nach mbeidh an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 25 curtha ar fáil ag Stát brataí an tsoithigh, nó ag Stát brataí nó Stáit bhrataí na soithí deontóra i gcás ina raibh an soitheach ag gabháil d'oibríochtaí trasloingsithe.

4. Ina theannta sin, beidh toirmeasc ar chur i dtír agus ar thrasloingsiú sa chás ina mainníonn máistir an tsoithigh aon cheann de na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 21 (a) go (d) a chomhlíonadh.

Airteagal 43

Tuarascálacha maidir le gníomhaíochtaí Páirtithe neamhChonarthacha

1. Cuirfidh gach Ballstát tuarascáil chuig an gCoimisiún, nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún, faoin 15 Feabhra gach bliain don bhliain féilire roimhe sin, ina sonrófar:

(a) an líon cigireachtaí a chuir an Ballstát sin i gcrích ar shoithí Páirtí neamhChonarthaigh faoin Scéim sin, ar muir nó ina gcalafoirt, ainmneacha na soithí a ndearnadh cigireacht orthu agus ainmneacha Stát is Stát brataí na soithí sin faoi seach, dátaí na gcigireachtaí agus ainmneacha aon chalafoirt ina ndearnadh na cigireachtaí, agus torthaí na gcigireachtaí sin; agus

(b) sa chás inar cuireadh iasc i dtír nó inar trasloingsíodh é tar éis cigireachta de bhun na Scéime seo, an fhianaise arna soláthar de bhun Airteagal 42.

2. Chomh maith leis na tuarascálacha faireachais agus an fhaisnéis maidir le cigireachtaí, féadfaidh na Ballstáit, aon tráth, aon fhaisnéis bhreise a chur faoi bhráid an Choimisiúin nó an chomhlachta arna ainmniú ag an gCoimisiún, ar faisnéis í a d'fhéadfadh a bheith ina faisnéis ábhartha chun soithí Páirtí neamhChonarthaigh a shainaithint ar soithí iad a d'fheádfadh a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí NNN i Limistéar an Choinbhinsiúin.

3. Ar bhonn na faisnéise sin, cuirfidh an Coimisiún nó an comhlacht arna ainmniú ag an gCoimisiún tuarascáil foriomlán chuig Rúnaí NEAFC faoin 1 Márta gach bliain maidir le gníomhaíochtaí Páirtithe neamhChonarthacha.

Airteagal 44

Soithí a bheith ag gabháil do ghníomhaíochtaí NNN

1. Maidir le soithí a bheidh ar liosta sealadach na soithí a bhí ag gabháil do ghníomhaíochtaí NNN arna bhunú ag NEAFC (liosta "A"), áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:

(a) go ndéanfar cigireacht orthu i gcomhréir le forálacha Airteagal 41 nuair a théann siad isteach ina gcalafoirt;

(b) nach mbeidh siad údaraithe cur i dtír nó trasloingsiú a dhéanamh ina gcalafoirt nó sna huiscí faoina ndlínse;

(c) nach bhfaighidh siad cúnamh ó shoithí iascaireachta, ó shoithí tacaíochta, ó shoithí athbhreoslaithe, ón máthairlong ná ó shoithí lasta a bhfuil bratach na mBallstát sin ar foluain acu agus nach mbeidh cead acu páirt a ghlacadh in aon trasloingsiú nó aon oibríocht chomhpháirteach iascaireachta in éineacht le soithí den sórt seo;

(d) nach gcuirfear soláthairtí, breosla, nó seirbhísí eile ar fáil dóibh.

2. Ní bheidh feidhm ag na forálacha i mír 1(b) agus i mír (d) maidir le haon soitheach atá ar liosta "A", i gcás ina bhfuil moladh déanta chuig NEAFC gur cheart an soitheach sin a bhaint den liosta "A".

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 45

Rúndacht

1. Chomh maith leis na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 112 agus Airteagal 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiritheoidh na Ballstáit go ndéileálfar faoi rún leis na tuarascálacha leictreonacha agus leis na teachtaireachtaí leictreonacha a chuirfear chuig Rúnaí NEAFC agus a gheofar uaidh de bhun Airteagal 11, Airteagal 12 agus Airteagal 19(1).

2. Cinnfear na rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo i gcomhréir le hAirteagal 50(2).

Airteagal 46

Tarmligean cumhachtaí

1. Féadfaidh an Coimisiún, trí ghníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47 agus faoi réir choinníollacha Airteagal 48 agus Airteagal 49, na rialacha mionsonraithe a ghlacadh le haghaidh Airteagal 25 a chur i bhfeidhm, chomh maith leis an liosta d'acmhainní iascaigh dá dtagraítear in Airteagal 10(1) agus rialacha mionsonraithe maidir le nósanna imeachta i dtaca le fógra a thabhairt agus i dtaca le cealú, lena n-áirítear tréimhsí, agus dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 24(4).

2. Le linn dó gníomhartha tarmligthe den sórt sin a ghlacadh, gníomhóidh an Coimisiún i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo.

Airteagal 47

Feidhmiú an tarmligin

1. Maidir leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 46, tabharfar don Choimisiún í go ceann tréimhse trí bliana ón 1 Eanáir 2011. Tráth nach déanaí ná sé mhí roimh dheireadh na tréimhse trí bliana sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir leis na cumhachtaí tarmligthe. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go huathoibríoch ar feadh tréimhsí comhfhaid, mura rud é go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean a chúlghairm i gcomhréir le hAirteagal 48.

2. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith ag an am céanna.

3. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 48 agus in Airteagal 49 a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

Airteagal 48

Cúlghairm an tarmligin

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an tarmligean cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 46 a chúlghairm aon tráth.

2. Féachfaidh an institiúid a mbeidh tús curtha aici le nós imeachta inmheánach lena gcinnfear an ndéanfar tarmligean na cumhachta a chúlghairm, le fógra a thabhairt ina leith sin don institiúid eile agus don Choimisiún laistigh de thréimhse réasúnach sula nglacfar an cinneadh críochnaitheach, agus luafaidh sí na cumhachtaí tarmligthe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir cúlghairme agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an gcúlghairm sin.

3. Cuirfidh an cinneadh chun an tarmligean a chúlghairm deireadh le tarmligean na gcumhachtaí a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis láithreach nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh an cinneadh sin difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é*.

Airteagal 49

Agóidí i gcoinne gníomhartha tarmligthe

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne gnímh tharmligthe laistigh de thréimhse dhá mhí ón dáta a thugtar an fógra.

Ar thionscnamh ó Pharlaimint na hEorpa nó ón gComhairle, déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí.

2. Más rud é, nuair a rachaidh an tréimhse sin in éag, nach mbeidh agóid déanta ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle i gcoinne an ghnímh tharmligthe, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an dáta a bheidh luaite ann.

Féadfar an gníomh tarmligthe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm sula dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse sin más rud é gur chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon an Choimisiún ar an eolas nach bhfuil sé ar intinn acu agóidí a dhéanamh.

3. Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid i gcoinne gnímh tharmligthe, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm. Luafaidh an institiúid a dhéanann agóid na cúiseanna leis an agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe.

Airteagal 50

Cur chun feidhme

1. Tabharfaidh Coiste Bainistíochta um Iascaigh agus Dhobharshaothrú cúnamh don Choimisiún.

2. Sa chás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE. Trí mhí a bheidh sa tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Chinneadh 1999/468/CE.

Airteagal 51

An nós imeachta le haghaidh leasuithe

A mhéid is gá, chun leasuithe ar fhorálacha láithreacha na Scéime seo, ar forálacha iad a thagann chun bheith éigeantach don Aontas, a ionchorprú i ndlí an Aontais, féadfaidh an Coimisiún an Rialachán seo a leasú trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 47 agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 48 agus Airteagal 49 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) rannpháirtíocht Páirtithe Conarthacha san iascach sa Limistéar Rialála dá dtagraítear in Airteagal 5;

(b) baint agus diúscairt trealaimh fheistithe agus aisghabháil trealaimh chaillte dá dtagraítear in Airteagal 6 agus Airteagal 7;

(c) úsáid VMS dá dtagraítear in Airteagal 11;

(d) an comhar le Rúnaí NEAFC, agus cur in iúl na faisnéise dó, dá dtagraítear in Airteagal 12;

(e) riachtanais do stuáil ar leithligh agus lipéadú acmhainní iascaigh reoite dá dtagraítear in Airteagal 14 agus in Airteagal 15;

(f) sannadh cigirí NEAFC dá dtagraítear in Airteagal 16;

(g) bearta chun comhlíonadh na Scéime ag soithí iascaireachta de chuid Páirtithe neamhChonarthacha a chur chun cinn faoi Chaibidil VI;

(h) an liosta d'acmhainní rialáilte atá leagtha amach san Iarscríbhinn.

Agus na gníomhartha tarmligthe sin á nglacadh aige, gníomhóidh an Coimisiún i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo.

Airteagal 52

Aisghairm

Aisghairtear leis seo Rialachán (CE) Uimh. 2791/1999.

Airteagal 53

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 15 Nollaig 2010.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
O. CHASTEL

IARSCRÍBHINN

ACMHAINNÍ RIALÁILTE

(A) **Speicis pheiligeacha agus aigéanacha**

Stoc (ainm coitianta)	Cód EBT	Ainm Eolaíoch	Folimistéir agus ranna CITM
Péirse mhara	REB	*Sebastes mentella*	I, II, V, XII, XIV
Scadán Sceite Earraigh na hIorua (Atlanto Scandian)	HER	*Clupea harengus*	I, II
Faoitín gorm	WHB	*Micromesistius poutassou*	IIa, IVa, Vb, VI, VII, XII, XIV
Ronnach	MAC	*Scomber scombrus*	IIa, IV, V, VI, VII, XII
Cadóg	HAD	*Melanogrammus aeglefinus*	VIb

(B) **Speicis Domhainfharraige**

Stoc (ainm coitianta)	Cód EBT	Ainm Eolaíoch	Folimistéir CITM
Iasc an chloiginn mhín (Baird)	ALC	*Alepocehalus bairdii*	I go XIV
Iasc an chloiginn mhín (Risso)	PHO	*Alepocephalus rostratus*	I go XIV
Colmóir gorm	ANT	*Antimora rostrata*	I go XIV
Scabaird dhubh	BSF	*Aphanopus carbo*	I go XIV
Catsúileach na hÍoslainne	API	*Apristurus* spp	I go XIV
Airgintín mór	ARG	*Argentina silus*	I go XIV
Alfainsíní	ALF	*Beryx* spp.	I go XIV
Torsca	USK	*Brosme brosme*	I go XIV
Siorc slogach	GUP	*Centrophorus granulosus*	I go XIV
Siorc slogach gainneach duille	GUQ	*Centrophorus squamosus*	I go XIV
Fíogach dubh	CFB	*Centroscyllium fabricii*	I go XIV
Fíogach Portaingéalach	CYO	*Centroscymnus coelolepis*	I go XIV
Fíogach slim socfhada	CYP	*Centroscymnus crepidater*	I go XIV
Portán dearg domhainfharraige	KEF	*Chaceon (Geryon) affinis*	I go XIV
Coinín mara	CMO	*Chimaera monstrosa*	I go XIV
Siorc rufach	HXC	*Chlamydoselachus anguineus*	I go XIV
Eascann choncair	COE	*Conger conger*	I go XIV
Gránadóir cruinnsocach	RNG	*Coryphaenoides rupestris*	I go XIV
Siorc eite eitleoige	SCK	*Dalatias licha*	I go XIV
Fíogach gob éin	DCA	*Deania calceus*	I go XIV

Stoc (ainm coitianta)	Cód EBT	Ainm Eolaíoch	Folimistéir CITM
Iasc cairdinéalach dubh (Domhainfharraige)	EPI	*Epigonus telescopus*	I go XIV
Lóchrannsiorc mór	SHL	*Etmopterus princeps*	I go XIV
Siorc slimbhoilg	SHL	*Etmopterus spinax*	I go XIV
Fíogach an bhéil dhuibh	SHO	*Galeus melastomus*	I go XIV
Catsúileach luiche	GAM	*Galeus murinus*	I go XIV
Péirse mhara ghorm	BRF	*Helicolenus dactylopterus*	I go XIV
Siorc liath na sróine finne	SBL	*Hexanchus griseus*	I go XIV
Gainneachán flannbhuí	ORY	*Hoplostethus atlanticus*	I go XIV
Gainneachán airgid	HPR	*Hoplostethus mediterraneus*	I go XIV
Coinín mara mórshúileach (gránadóir)	CYH	*Hydrolagus mirabilis*	I go XIV
Scabaird airgid	SFS	*Lepidopus caudatus*	I go XIV
Puteascann	ELP	*Lycodes esmarkii*	I go XIV
Gránadóir an chinn ghairbh	RHG	*Macrourus berglax*	I go XIV
Langa gorm	BLI	*Molva dypterygia*	I go XIV
Langa	LIN	*Molva molva*	I go XIV
Trosc domhainmhara coiteann	RIB	*Mora moro*	I go XIV
Garbhshiorc seol-eiteach	OXN	*Oxynotus paradoxus*	I go XIV
Deargán	SBR	*Pagellus bogaraveo*	I go XIV
Colmóirí	GFB	*Phycis* spp.	I go XIV
Breac raice	WRF	*Polyprion americanus*	I go XIV
Sciata cruinn	RJY	*Raja fyllae*	I go XIV
Sciata artach	RJG	*Raja hyperborea*	I go XIV
Sciata na hIorua	JAD	*Raja nidarosiensis*	I go XIV
Haileabó Graonlannach	GHL	*Rheinhardtius hippoglossoides*	I go XIV
Coinín na sróine dírí	RCT	*Rhinochimaera atlantica*	I go XIV
Fíogach scianfhiacaile	SYR	*Scymnodon ringens*	I go XIV
Péirse mhara bheag	SFV	*Sebastes viviparus*	I go XIV
Siorc beagcheannach	GSK	*Somniosus microcephalus*	I go XIV
Scairpiasc spíonach (domhainfharraige)	TJX	*Trachyscorpia cristulata*	I go XIV

Foscríbhinn

Ráitis maidir le hAirteagal 51

"Tugann Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún dá n-aire go bhféadfaidh aon cheann de na forálacha de chineál neamhriachtanach de chuid an ghnímh reachtaigh bhunúsaigh, ar forálacha iad a liostaítear faoi láthair faoi Airteagal 51 den Rialachán, (tarmligean na gcumhachtaí) teacht chun bheith, aon tráth amach anseo, ina ghné shuntasach de scéim rialaithe NEAFC, mar atá an scéim faoi láthair, ó thaobh na polaitíochta de, agus más amhlaidh an cás, meabhraíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún gur féidir le ceachtar de na reachtóirí, an Chomhairle nó Parlaimint na hEorpa, ceart a fheidhmiú láithreach bonn chun agóid a dhéanamh in aghaidh dréacht-ghnímh tharmligthe ón gCoimisiún nó chun na cumhachtaí tarmligthe a chúlghairm de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 48 agus in Airteagal 49 faoi seach den Rialachán."

"Maidir le haon fhoráil de scéim rialaithe NEAFC, a áirítear mar eilimint neamhriachtanach sa Rialachán seo, ar eilimint é a liostaítear faoi láthair faoi Airteagal 51, comhaontaíonn an Chomhairle agus an Parlaimint nach dtugtar le tuiscint *per se* ar an ábhar go n-áirítear é, go measfaidh na Reachtóirí go huathoibríoch i leith forálacha den sórt sin a chuirtear san áireamh gur forálacha de chineál neamhriachtanach iad i Rialacháin amach anseo."

"Dearbhaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go bhfuil forálacha an Rialacháin seo gan dochar d'aon seasamh a d'fhéadfadh na hinstitiúidí a ghlacadh amach anseo maidir le cur chun feidhme Airteagal 290 CFAE ná d'aon ghníomh reachtach aonair ina bhfuil forálacha den sórt seo."